RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1692 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Lúnasa 2023

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Fränkischer Karpfen/Frankenkarpfen/Karpfen aus Franken'

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leanfaidh na rialacha is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021 d'fheidhm a bheith acu maidir le hiarratais ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge a gheobhaidh an Coimisiún faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 roimh an 8 Meitheamh 2022.

(2) An 7 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún iarratas ón nGearmáin ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint 'Fränkischer Karpfen/Frankenkarpfen/Karpfen aus Franken', atá cláraithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1007/2012 ón gCoimisiún ([3]).

(3) Rinne an Coimisiún scrúdú ar iarratas na Gearmáine i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, i gcomhar le hAirteagal 53(1), an chéad fhomhír, den Rialachán sin de réir mar is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021.

(4) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, de réir mar is infheidhme roimh an 7 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(5) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra réasúnaithe faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an leasú ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an tásc geografach faoi chosaint 'Fränkischer Karpfen/Frankenkarpfen/Karpfen aus Franken', is leasú é atá formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas (IO L 435, 6.12.2021, lch. 262).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1007/2012 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcláraítear ainm sa chlár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Fränkischer Karpfen/Frankenkarpfen/Karpfen aus Franken (TGFC)] (IO L 302, 31.10.2012, lch. 7).

([4]) IO C 174, 16.5.2023, lch. 24.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún